# Duilleog



Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 13 Samhradh 2010

## Éigse Uladh

Bhí an Éigse ar siúl i mbliana ón 5 – 7 Márta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Téama na hÉigse ; Forbairt Pobail agus Pleanáil Teanga i gcomhthéacs an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i dtaca leis an Ghaeltacht . Ba é Tomás Mac Giolla Bhríde a d'fhoscail an Éigse ar an Aoine agus ba é Séamus Mac Giolla Chóill ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta a thug caint na hÉigse ar "an Straitéis , 20 bliain don Ghaeilge, dúshlán agus deiseanna do phobal na Gaeilge". Bhí Dónall Ó Cnáimhsí sa chathaoir.

Bhí Séamus i láthair arís oíche Dé Satharn nuair a rinne painéal cainteoirí áitiúla plé ar "Góide atá romhainne sa Ghaeltacht i dtaca leis an stratéis 20 bliain don Ghaeilge". Bhí Colm Ó Baoill sa chathaoir. Bhí taispeántas pictúirí den cheantar ag Mícheal Ó Domhnaill agus taispeántas leabhar ag teach Thomáis agus chuir cuid den Chrann Óg ceol ar fáil chomh maith.




***Lucht na hÉigse, ar chúl ó chlé:*** *An Dr. Dónall Ó Baoill, Ollscoil Na Ríona, Béal Feirste, An Dlíodóir Antoin Delap, Donnchadh Mac Fhionnghaile, T.D., Séamus Mac Giolla Chóill, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta , Dónall Ó Cnáimhsí , C.F.G.D.agus an tAthar Ó Baoill, Séiplíneach Phobalscoil Ghaoth Dobhair.*

***Ar thosach ó chlé:*** *Máire Mhic Niallais, Tomás Mac Giolla Bhríde, Éamonn Mac Niallais , Acadamh Na hOllscolaíochta, agus Séamus Ó Gallchóir, Údarás Na Gaeltachta.*



*Micheál Ó Domhnaill ón Acadamh lena thaispeántas pictúirí*

# An Béal Binn 2010

Bhí an comórtas Aithriseoireachta an Béal Binn ar siúl sa Phobalscoil ar an Satharn an 17 Aibreán mar chuid de Éigse Uladh 2010. Ghlac slua mór paistí páirt ann mar is gnách. Ba í Róise Nic Gairbheith a bhain an Corn don Bhéal Binn agus ba é Mícheal Pasoma a bhain Corn Bhríd Ní

Bhaicéar. Seo Corn úr a chuir an Comharchumann ar fáil i mbliana i gcuimhne ar Bhríd , ball de choiste an Chomharchumann a fuair bás i mí Feabhra. Is é Noel Ó Gallchóir, stiúrthóir an chomórtais a mbíonn dhá bhabhta ann – Réamhbhabhta agus an Chraobh. Ghlac 195 páiste páirt sa réamhbhabhta agus bhí 62 páiste sa Chraobh, trí déag acu sin óna naíonraí.



*Máire Mhic Niallais agus buaiteoirí rannóg an Teastas Shóiséarach, Claire Ní Bhaoill, Róise Nic Gairbheith (a bhain Corn an Bhéil Bhinn), Neasa Bheáid agus Caoimhe Nic Pháidín .*



*Ciara Nic Aodha a bhain Corn Raidió Na Gaeltachta agus na Paistí ó na Naíonraí a bhí páirteach i gCraobh an Bhéil Bhinn .*



*Buaiteoir Chorn Chuimhneacháin Bhríd Ní Bhaicéar, Mícheál Pasoma, Na Dúnaibh , Ruaidhrí Mac Conaglaigh agus Iarlaith Mac Fhionnghaile a fuair an dara agus tríú háit, i gcuideachta Liam Ó Maoldomhnaigh & Máire Mhic Niallais.*

# Paráid na Féile Pádraig 2010

Bhí an pharáid i mbliana ar cheann chomh mór agus a bhí ann bliain ar bith ó thosaigh sé. Bhí go leor leor daoine i láthair ón Bhun Beag go Doirí Beaga agus bhí an lá breá.

Ghlac trí scór float páirt ann. Scaoileadh amach na balúin don Ionad Lae ag an seastáin i nDoire Beaga le críoch a chur leis an pharáid. Chuir an Crann óg ceol ar fáil i rith an lae ón ardán ansin. Ba iad an Comharchumann i gcomhar le Cumann Trádála Ghaoth Dobhair a d'eagraigh an lá.Buíochas d'achan nduine a chuidigh.



*An Crann Óg i mbun ceoil Lá Fhéil Pádraig.*



*Paistí ó Bord na nÓg , C.L.G.,a ghlac páirt sa pharáid .*




*Float shiopa Uí Ghallchóir*

## Campa Samhraidh na Crannóige 2010

Arís i mbliana tá an Comharchumann ag reáchtáil Campa

Samhraidh. Beidh an Campa ag toiseacht ar an 5ú Iúil ar feadh 8 seachtainí. Ón 10.00 r.n.—3.00 .i.n ó Luan go hAoine.

Campa do uirlisí ceoil & Amhránaíocht

Ionad— an Chrannóg

Campa Spóirt

Ionad —C.L.G. Ghaoth Dobhair

Tuilleadh eolais

074 95 32208

# AONACH SAMHRAIDH



## Áit : an Chrannóg

## Dáta : Dé Sathairn 5 Meitheamh

## Am : 12.00 - 4.00

Díol



Ceannacht



Craic

dathú aghaidheanna

ceol



## Seomra Staire agus Seanchais.

Tá an "Seomra Staire" ins an Chrannóg foscailte gach lá ón Luan go dtí an Aoine ón 9 r.n.-5i.n. (ag amanna eile ach coinne a dhéanamh). Tá cuid mhór ábhar stairiúil: seanphictiúir, seanirisí agus nuachtáin, chomh maith le cnuasach mór de leabhair Ghaeilge agus leabhair thagartha ag baint le Gaoth Dobhair agus Dún na nGall ann.

Seo ábhar atá iontach úsáideach do mhic léinn agus lucht taighde ach suimiúil d'achan nduine. Níl cead ábhar a thógáil amach as an áit ach tá fáilte roimh chóipeanna a dhéanamh. Is áis luachmhar é seo don phobal- bain úsáid as!

## Spás le ligint ar chíos

Oifigí nua-aimseartha, de mhéideanna éagsúla le córas teasa lárnach, sreangaithe do chóras cumarsáide srl. Tús áite á thabhairt do ghnóanna nó do thograí a bheadh ag feidhmiú i nGaeilge nó a bheadh teangabhunaithe.Cíos

réasúnta! Chun tuilleadh eolais a fháil, cuir scairt ar

An Bhainisteoir, Comharchumann Forbartha

Ghaoth Dobhair ag 074-9532208

## Aifreann

Aifreann á rá sa Chrannóg i Srath na

Corcra , Dé Céadaoin , 9 Meitheamh ( Lá Fhéile Cholmcille) ag 8.00i.n. Tá an t-Aifreann á rá do anamacha iar bhaill de Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair atá ar shlua na mairbh, agus chun an fhoirgneamh a bheannú. Tá fáilte roimh baill an Chomharchumainn agus an Pobal go léir.

## Buíochas :

Ár mbuíochas do Údarás Na Gaeltachta a dhéanann

urraíocht ar an Éigse agus ar an Bhéal Binn achan bhl-iain. Buíochas do Thomás Ó Curráin as na grianghraif a chur ar fáil dúinn.